Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2017**
**(OR. fr)**

**12327/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0221 (COD)**

**CODEC 1420**
**EF 197**
**ECOFIN 729**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha agus Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 14 Iúil 2016, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh ar an 12 Meán Fómhair 2016[2]. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 14 Nollaig 2016[3].

3. Ar an 14 Meán Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 11303/16.
[2] IO C 394, 26.10.2016, lch. 2.
[3] IO C 75, 10.3.2017, lch. 48.
[4] 12069/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 37/17, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.